



Leasuithe sealadacha nua ar Acht na gCuideachtaí 2014 chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a chruthaigh Covid-19

Tugann Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha (Covid 19)) 2020 forálacha eisceachtúla isteach ar feadh tréimhse ar leith go dtí an 31 Nollaig 2020 d'Acht na gCuideachtaí 2014 mar fhreagairt ar dheacrachtaí eacnamaíocha agus riosca do shaol an duine agus do shláinte an phobail de bharr an ghalair Covid-19.

Seo a dhéanann sé -

- (a) éascaítear cruinnithe iargúlta a reáchtáil lena n-áirítear creidiúnaithe, leachtaitheoirí, comhaltaí, agus;**
- (b) méadaítear an tairseach ag a meastar nach bhfuil cuideachta in ann a fiachas a íoc.**

Cruinnithe

Le linn na tréimhse eatramhacha féadfar cruinnithe creidiúnaithe, leachtaitheoirí, comhaltaí agus ranníocóra a thionól trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí.

Féadfar cruinnithe den sórt sin a thionól:

- teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid go hiomlán nó go páirteach gan aon ghá le hionad fisiceach ar an gcoinníoll go mbeidh deis réasúnach ag gach freastalaí ábhartha páirt a ghlacadh sa chruinniú;
- i gcás ina soláthraíonn nó go n-éascaíonn an duine ábhartha úsáid na teicneolaíochta cumarsáide leictreonaí lena n-áirítear meicníocht chun vótaí a chaitheamh roimh an gcruinniú nó lena linn;
- le srian comhréireach lena chinntiú go sainaithneofar lucht freastail agus slándáil na teicneolaíochta cumarsáide leictreonaí chun an riosca éillithe sonraí agus rochtain agus cinnteacht neamhdhleathach maidir leis an bhfoinse a laghdú;
- nuair a dhéantar vótáil ar rúin le taispeáint lámh an lucht freastail ábhartha ar choinníoll gur féidir an t-aitheantas a fhíorú.

Fógra cruinnithe

Ní mór a lua san fhógra cruinnithe le reáchtáil ag baint úsáide as teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí:

- an t-ardán leictreonach atá le húsáid;
- sonraí maidir le rochtain ar an ardán leictreonach;
- fráma ama chun tinreamh a dhearbhu;
- aon srian i bhfeidhm chun lucht freastail a aithint;
- nós imeachta chun ceistanna a chur;
- nós imeachta vótála

Fiachas méadaithe

Le linn na hidirthréimhse meastar nach bhfuil cuideachta in ann a fiachas a íoc nuair a fhanann fiachas os cionn €50,000 gan íoc le creidiúnaí amháin nó níos mó 21 lá tar éis iarratas íocaíocht.